Fealsúnacht 'Mé Féin' i réim i dtír an Tíogair?

Toradh amháin atá le feiceáil ar na scannail airgeadais a thug na Binsí Fiosraithe chun solais ná an bhéim atá á cur anois ar rialacha agus rialacháin níos láidre a chur i bhfeidhm chun cleachtais lucht gnó a choinneáil faoi smacht.

Is é meon lucht polaitíochta ná gur cheart an margadh a shásamh, daoine a spreagadh chun a leas féin a dhéanamh agus ansin úsáid a bhaint as an dlí má théann a nósa oibre thar fóir. Ceaptar sa tslí seo, go scaipfear buntáistí na forbartha eacnamaíochta go forleathan i measc an phobail.

Tá an Tánaiste, Mary Harney, mar shampla, an-tógtha le polasaithe den chineál sin: comhlachtaí stáit a phríobháidiú, agus cultúr na hindibhidiúlachta agus na fiontraíochta a leathnú.

Cé go dtuilleann mionlach méid ollmhór i sochaí atá sásta gach rud a bhronnadh orthu siúd atá ar bharr an chairn, titeann i bhfad níos mó den phobal siar dá bharr. Tá íoróin faoi leith ann go bhfuil 'eitic oibre na bProtastúnach' lárnach sa bhforbairt eacnamaíochta, ach go dtagann meath mór ar an eitic seo nuair a chuirtear béim ar an bhféinleas indibhidiúil. Déanann éifeacht an mhargaidh .i. bhéim ar an mbrabús agus ar an bhféinleas, pobal a chreimeadh. Laghdaíonn sé cibé cosaint atá ann do dhaoine laga agus tacaíonn sé le fás cleachtas mí-eiticiúil. Is bocht an mhalairt ar an bhféinsmacht agus ar chomhlíonadh dualgais iad dlíthe chun mí-iompar a smachtú.

Deir John Bruton, ceannaire Fhine Gael go bhfuil mothú nua tírghrá de dhíth orainn, bunaithe ní ar an indibhidiúlacht, ach ar luachanna trusta agus measa ar a chéile. Mar a dúirt sé ag Ard-Fheis a pháirtí anuraidh,

le Fionnbarra Ó Brolcháin

maidir leis na luachanna cearta a bheith ag daoine:

"People will follow because that is what is expected of them socially, because they would not even think of doing business in another way, and not just because it is demanded by law".

Bhí tuiscint mhaith ag tuismitheoirí agus ag lucht oideachais san am atá thart ar an tábhacht a bhain le hionracas a fhorbairt agus rinne siad iarracht é a thabhairt dá bpáistí. Tá teaghlaigh agus pobail faoi bhrú i bhfad níos mó faoi láthair. Cuirtear béim ar shuáilcí na hamhantraíochta thar fhorbairt shóisialta, ar scileanna an mhargaidh tharstu siúd atá oiriúnach do na healaíona agus ar an bhfás ábhartha thar an bhfás spioradálta. Conas is féidir le daoine óga an cumas breithiúnais a bheith acu a thuiscint go dtéann roghanna agus cearta lámh ar láimh le dualgais agus freagracht nuair a léiríonn an nósmhaireacht atá timpeall orthu a mhalairt?

Chun gníomhú go morálta i gcúrsaí gnó, chun leas daoine eile a chur roimh ár leas féin, ní mór a bheith sásta féiníobairt a dhéanamh uaireanta. Is é croílár an ionracais ná am a thógáil chun an ceart a aithint ón mícheart agus agus gníomhú go morálta dá réir sin fiú má bhíonn costas pearsanta le híoc. Tá easpa ama chun machnaimh a dhéanamh ina thréith láidir den gheilleagar seo, faraor, rud a chiallaíonn nach féidir linn an t-ionracas a chothú.

Tá sé spéisiúil go gciallaíonn an focal ionracas 'iomláine' chomh maith. N'fheadar an bhfuil easpa ar leith ar na Gaeil de bharr gorta, imirce, athrú teanga agus a leithéid i stair na tíre. Briseadh an nasc idir an t-am a chuaigh thart, an lá atá inniu ann agus an t-am atá le teacht. Níl an meas céanna againn ar oidhreacht agus atá againn ar rudaí ón taobh amuigh, ar rudaí nua.

I saol 'iomlán', bíonn luach ar an seanrud mar aon leis an rud nua, ar an rud nádúrtha mar aon leis an rud bréige. Bíonn an duine nach bhfuil róchliste chomh luachmhar leis an duine tréitheach. B'fhéidir san am atá thart gur ghlac daoine le go leor rudaí gan iad a cheistiú mar ba chóir ach thuig siad nuair nár bhain leanúnachas nó iomláine le rudaí.

Ó mo thaithí féin mar mhúinteoir cúrsaí airgeadais in ollscoileanna thar na blianta, tuigimse go rímhaith an ról imeallach atá ag cúrsaí moráltachta in oideachas airgeadais. Ní spreagann ranganna eitice ná caint faoi ionracas daoine óga chun gníomhú ar shlí níos morálta. Feictear na ranganna mar bhac ar an bpríomhghnó .i. foghlaim conas brabús a dhéanamh.

Ní hé an tslí is fearr chun leas an phobail a chaomhnú straitéis forbartha a chur chun cinn atá bunaithe ar fhéinleas, atá ag brath ar an dlí chun dea-nósmhaireacht a stiúradh agus ar dhlíodóirí chun glanadh suas nuair a nochtar drochiompar.

Cuireann an Plean Forbartha Náisiúnta a foilsíodh le déanaí béim faoi leith ar easpaí maidir le bonneagar agus le scileanna teicneolaíochta a cheartú. Ach is dlúthchuid de chaipiteal náisiúnta na tíre iad noirm na sochaí. Ba thábhachtaí go mór é go leagfaí béim ar luachanna sa gcóras oideachais ná ar scileanna ríomhaireachta nó eolaíochta.

• *Iarollamh Airgeadais i DCU é Fionnbarra Ó Brolcháin.*

'Foinse', 30 Eanáir 2000